Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Márta 2018**
**(OR. en)**

**6931/18**

**CORDROGUE 26**
**SAN 78**
**RELEX 202**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 8 Márta 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6441/18 |
| Ábhar: | Roghanna eile, seachas smachtbhannaí comhéigneacha, a chur chun cinn i gcás ciontóirí úsáidte drugaí<br>- Conclúidí ón gComhairle (8 Márta 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le roghanna eile, seachas smachtbhannaí comhéigneacha, a chur chun cinn i gcás ciontóirí úsáidte drugaí, a ghlac an Chomhairle ag an gcruinniú a bhí aici ar an 8 Márta 2018.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le roghanna eile, seachas smachtbhannaí comhéigneacha, a chur chun cinn i gcás ciontóirí úsáidte drugaí**

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Ballstáit an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas,

AG AITHINT DÓIBH gur ábhar imní poiblí é úsáid drugaí aindleathacha agus an andúil i ndrugaí a dteastaíonn freagairt sláinte, shóisialta atá leordhóthanach, éifeachtach, duineláraithe ina leith chun sláinte phoiblí agus sábháilteacht phoiblí daoine aonair, teaghlach agus pobal ar fud na hEorpa a fheabhsú;

AG ATHDHEARBHÚ DÓIBH an urraim do dhínit an duine, don tsaoirse, don daonlathas, don chomhionannas, don dlúthpháirtíocht, don smacht reachta agus do chearta an duine mar aon le saoirsí bunúsacha gach duine aonair i bhforbairt agus i gcur chun feidhme bheartas drugaí an Aontais Eorpaigh;

AG MEABHRÚ DÓIBH go bhfuil sé d'aidhm ag an Aontas Eorpach cuidiú a thabhairt chun an t-éileamh ar dhrugaí agus an soláthar drugaí san Aontas Eorpach a laghdú trí bheartas drugaí atá comhtháite, cothromaithe agus fianaise-bhunaithe;

AG LÉIRIÚ DÓIBH go n-iarrtar, i dtrí choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le rialú drugaí, ar na Stáit bearta cóireála, oideachais, iarchúraim, athshlánaithe agus athimeasctha sa tsochaí a sholáthar, laistigh de chreataí dlíthiúla agus i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta is infheidhme, agus i gcás inarb iomchuí, mar rogha eile seachas an ciontú nó an pionós, d'úsáideoirí drugaí a rinne cionta a áirítear sna coinbhinsiúin sin;

AG MEABHRÚ DÓIBH go leagtar béim, i ráitis ardleibhéil agus i rúin ardleibhéil na Náisiún Aontaithe, gur léir gur gá tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh, lena n-áirítear an gá atá le cuir chuige chostéifeachtacha, fianaise-bhunaithe mhalartacha a shainaithint agus a fhorbairt agus machnamh a dhéanamh, i gcásanna ábhartha, ar na bearta sin a chur chun feidhme ina n-iomláine trí chomhoibriú agus chomhar idir údaráis forfheidhmithe dlí, an ceartas coiriúil, an tsláinte poiblí, córais shóisialta agus oideachais, agus soláthróirí seirbhísí sláinte agus sóisialta, mar aon le sonraí, taighde agus dea-chleachtais, maidir le cur chun feidhme na mbeart faoi seach, a bhailiú agus a chionroinnt;

AG AITHINT DÓIBH go bhfuil na bearta a sholáthraítear le haghaidh ciontóirí úsáidte drugaí mar rogha eile seachas an ciontú nó an pionós, lena n-áirítear príosúnacht, ina dtacaíocht fianaise-bhunaithe, bhunúsach do dhaoine a bhfuil cúnamh de dhíth orthu toisc go n-úsáideann siad drugaí nó toisc gur andúiligh drugaí iad;

AG ATHDHEARBHÚ DÓIBH prionsabal an leanúnachais cúraim le linn na n-imeachtaí ceartais choiriúil mar aon le prionsabal na comhréireachta i mbeartais náisiúnta, a mhéid a bhaineann le cionta a dhéanann ciontóirí úsáidte drugaí;

AG AITHINT DÓIBH go bhféadfadh sé, ach roghanna eile, seachas príosúnacht, a bheith ann i gcás na gciontóirí úsáidte drugaí, go dtiocfadh laghdú ar na rátaí athchiontaithe agus go maolófaí ar an ualach airgeadais agus riaracháin agus ar na costais shóisialta, agus go méadófaí ar an gcomhtháthú sóisialta freisin;

DE BHRÍ gur gá leanúint leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun a áirithiú go seasfar le bearta malartacha sa bheartas domhanda drugaí;

AG TABHAIRT DÁ hAIRE DÓIBH gur cinneadh, i dtuarascáil 2016 ón gCoimisiún ar "Study on alternatives to coercive sanctions as response to drug law offences and drug-related crimes" [Staidéar ar roghanna eile seachas smachtbhannaí comhéigneacha mar fhreagairt do chionta maidir le dlí na ndrugaí agus coireanna maidir le drugaí][1] go bhfuil, ar a laghad, aon bheart malartach amháin seachas smachtbhannaí comhéigneacha i bhfeidhm acu agus go bhfuil neart roghanna malartacha i bhfeidhm ag roinnt Ballstát agus, i gcoitinne, go mbaineann na roghanna malartacha atá ar fáil le cóireáil. AG MEABHRÚ DI, ag an am céanna, gur leagadh béim ar bhacainní praiticiúla agus riaracháin atá ar roghanna malartacha, seachas smachtbhannaí comhéigneacha, atá ann sna Ballstáit agus gur teoranta atá na sonraí a theastaíonn chun meastóireacht a dhéanamh ar bhearta malartacha agus chun na bearta sin a fheabhsú, go háirithe i ndáil le rátaí maidir le tabhairt chun críche agus i ndáil le riachtanais iad siúd atá á bhfáil;

AG TAGAIRT DÓIBH do straitéis drugaí an Aontais Eorpaigh don tréimhse 2013-2020[2] agus do Phlean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le drugaí 2017-2020[3], lena spreagtar na Ballstáit roghanna eile, seachas smachtbhannaí comhéigneacha, a chur ar fáil do chiontóirí úsáidte drugaí agus a chur i bhfeidhm maidir leo, i gcás inarb iomchuí agus i gcomhréir le creataí dlí a mBallstát, roghanna amhail oideachas, pianbhreith a fhionraí le cóireáil, imscrúdú nó ionchúiseamh a fhionraí, athshlánú agus téarnamh agus iarchúram agus athimeascadh sa tsochaí;

---

1 *Study on alternatives to coercive sanctions as response to drug law offences and drug-related crimes* [Staidéar ar roghanna eile seachas smachtbhannaí comhéigneacha mar fhreagairt do chionta maidir le dlí na ndrugaí agus coireanna maidir le drugaí], Bealtaine 2016, RAND Europe don Choimisiún Eorpach

2 IO C 402, 29.12.2012, lch. 1-10

3 IO C 215, 5.7.2017, lch. 21-58

AG TABHAIRT DÁ hAIRE DÓIBH gur féidir roghanna eile seachas smachtbhannaí comhéigneacha a chur i bhfeidhm i gcás réimse cionta, amhail cionta a dhéantar mar thoradh ar an úsáid drugaí, nach cion coiriúil é, in go leor Ballstát, an tomhaltas drugaí agus/nó bheith i seilbh drugaí le haghaidh úsáid phearsanta agus go bhféadfaidh na Ballstáit na bearta sin a fhorchur mar ábhar cirte in aon chásanna ábhartha ar bith lena mbaineann ciontóirí úsáidte drugaí de réir dhlí an Bhallstáit lena mbaineann;

AG TABHAIRT DÁ hAIRE DÓIBH gur cheart do na Ballstáit, mar thoradh ar chreataí agus riachtanais dlí éagsúla, glacadh agus cur chun feidhme beart malartach seachas smachtbhannaí comhéigneacha a chur in oiriúint de réir na réaltachtaí agus de réir a gcreataí dlíthiúla náisiúnta;

AG MEABHRÚ DÓIBH gur cheart tuilleadh staidéir a dhéanamh ar leibhéal an Aontais agus na bearta sin á gcur chun feidhme d'fhonn go gcuirfí sonraí iontaofa agus inchomparáide ar fáil faoina gcur i bhfeidhm;

AG AITHINT DÓIBH go bhféadfaí a chuimsiú, leis an téarma "roghanna eile seachas smachtbhannaí comhéigneacha" de réir reachtaíocht náisiúnta na mBallstát, roghanna eile a úsáidtear in ionad nó i dteannta na mbeart ceartais choiriúil traidisiúnta do chiontóirí úsáidte drugaí nó de bhreis ar na bearta sin;

AG AITHINT DÓIBH go bhfuil sé faoi inniúlacht na mBallstát beartais ceartais choiriúil náisiúnta agus dlíthe coiriúla náisiúnta, maidir le sainiú cionta drugaí agus smachtbhannaí, a fhorbairt agus a ghlacadh de réir Airteagal 83 CFAE agus, ag an am céanna, AG MEABHRÚ DÓIBH gurb amhlaidh, de réir Airteagal 168 CFAE, go gcomhlánóidh an tAontas gníomhaíocht na mBallstát chun damáiste don tsláinte a thig ó dhrugaí a laghdú, lena n-áirítear faisnéis agus cosc;

DÉANANN AN CHOMHAIRLE AN MÉID SEO A LEANAS

1. CUIREANN SÍ I bhFÁTH gur gá do na Ballstáit bearta eile seachas smachtbhannaí comhéigneacha a chur ar fáil agus a chur i bhfeidhm, i gcás inarb iomchuí agus i gcomhréir lena gcreataí dlíthiúla, le haghaidh ciontóirí úsáidte drugaí chun an choireacht a chosc, an t-atitimeachas a laghdú agus a éifeachtúla agus a éifeachtaí agus atá an córas ceartais choiriúil a fheabhsú agus, ag an am céanna, go mbreathnóidís ar laghdú ionchasach a dhéanamh ar dhíobhálacha a bhaineann le sláinte agus ar íoslaghdú a dhéanamh ar rioscaí sóisialta.

2. MOLANN SÍ do na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí agus faoina reachtaíocht náisiúnta, infhaighteacht agus cur chun feidhme éifeachtach na mbeart sin a chuirtear ar fáil mar rogha eile seachas smachtbhannaí comhéigneacha, agus faireachán agus meastóireacht ar na bearta sin, a chur ar fáil agus a chur chun cinn tuilleadh le haghaidh ciontóirí úsáidte drugaí, amhail oideachas, (pianbhreith a fhionraí le) cóireáil, imscrúdú nó ionchúiseamh a fhionraí, athshlánú agus téarnamh, iarchúram agus athimeascadh sa tsochaí.

3. MEABHRAÍONN SÍ go bhféadfar na bearta sin a chur chun feidhme i gcéimeanna éagsúla sna himeachtaí maidir le cionta a dhéanann ciontóirí úsáidte drugaí lena n-áirítear an tarchur réamhthrialach, i gcás inarb iomchuí, agus i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta.

4. IARRANN SÍ ar na Ballstáit iniúchadh a dhéanamh, laistigh de na beartais náisiúnta, ar na sonraí atá ann cheana maidir le cur chun feidhme na mbeart sin, agus iad a roinnt le húdaráis tuairiscithe agus córais faireacháin náisiúnta agus Eorpacha ábhartha.

5. IARRANN SÍ ar na Ballstáit feasacht a mhúscailt - mar shampla, trí oiliúint - ar infhaighteacht agus ar úsáid éifeachtach na mbeart sin agus tacú le comhar agus le comhoibriú idir déantóirí beartais náisiúnta, an forfheidhmiú dlí, an ceartas choiriúil, an tsláinte poiblí, gairmithe sóisialta agus oideachais agus, i gcás inarb iomchuí, daoine a thugann tacaíocht do chiontóirí úsáidte drugaí.

6. IARRANN SÍ ar na Ballstáit, ar institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh, an comhar idirnáisiúnta a neartú trí dhea-chleachtais a chur chun cinn agus a chomhroinnt le tíortha nach baill den Aontas iad maidir le bearta a úsáid a chuirtear ar fáil mar rogha eile seachas smachtbhannaí comhéigneacha, agus fianaise maidir lena éifeachtaí atá na bearta sin a chur chun cinn agus a chomhroinnt freisin.

7. IARRANN SÍ ar EMCDDA leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar na bearta agus faisnéis agus dea-chleachtais a mhalartú maidir le cur chun feidhme, maidir le forbairt na mbeart sin, maidir lena éifeachtaí agus a chostéifeachtaí atá siad, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tacú leis an obair sin freisin.

8. MEABHRAÍONN SÍ go bhfuil sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún meastóireacht fhoriomlán a dhéanamh ar chur chun feidhme straitéis drugaí an Aontais don tréimhse 2013- 2020 agus Phlean Gníomhaíochta an Aontais maidir le drugaí 2017-2020, a gcaithfear a chur san áireamh inti a bhfuarthas amach maidir le saincheist na roghanna eile seachas smachtbhannaí comhéigneacha.